Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0181 (NLE)**

12158/3/19
REV 3

MIGR 139
COEST 196

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a ligean ar ais |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a ligean ar ais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 79(3), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/2228 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a ligean ar ais ("an Comhaontú") an 8 Eanáir 2020, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

(2) I nDearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 7 Bealtaine 2009, d'athdheimhnigh an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta a dtacaíocht pholaitiúil i dtreo léirscaoileadh iomlán an chórais víosaí i dtimpeallacht shlán, agus i dtreo soghluaisteacht a chur chun cinn trí chomhaontuithe éascaithe víosaí agus comhaontuithe um ligean ar ais le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a thabhairt i gcrích.

(3) Is é cuspóir an Chomhaontaithe nósanna imeachta tapa agus éifeachtacha a bhunú chun daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach, láithreacht nó cónaí i gcríoch na Bealarúise nó i gcríoch Bhallstát den Aontas a shainaithint agus a fhilleadh go sábháilte ordúil, agus idirthuras na ndaoine sin a éascú de mheon an chomhair.

(4) Ba cheart don Choimisiún ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhpháirteach um Ligean Ar Ais arna bhunú le hAirteagal 19 den Chomhaontú.

[1] Cinneadh (AE) 2019/2228 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a ligean ar ais (IO L 333, 27.12.2019, lch. 141).

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a ligean ar ais a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal* leis an gCinneadh seo+.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 23(2) den Chomhaontú[1].

---

* IO: Cuir isteach an téacs seo a leanas ar an leathanach den leagan GAEILGE den IO a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an Comhaontú foilsithe sna teangacha eile: "Níl téacs an Chomhaontaithe ann sa Ghaeilge.".

+ Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 12160/19.

1 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó ionadaithe na mBallstát, ionadaíocht thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste um Ligean Ar Ais arna chur ar bun de bhun Airteagal 19 den Chomhaontú.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*